Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**8185/26**

**LIMITE**

**CORLX 358**
**CFSP/PESC 523**
**CONOP 19**
**CONUN 48**
**MAMA 84**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1344 chun tacú le héifeachtacht oibríochtúil na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) a fheabhsú |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1344**
**chun tacú le héifeachtacht oibríochtúil**
**na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW)**
**a fheabhsú**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Meitheamh 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1344[1], a bhaineann le tacaíocht ón Aontas chun éifeachtacht oibríochtúil na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) a fheabhsú.

(2) An 13 Márta 2026, d'iarr OPCW síneadh gan chostas ar chur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2023/1344 go dtí an 25 Samhain 2026 chun leanúnachas a áirithiú maidir leis an tacaíocht, an clársceidealú agus an cistiú ón Aontas; agus chun bearnaí a sheachaint idir Gníomhaíochtaí an Aontais lena gcumhdaítear tacaíocht institiúideach do OPCW i gcásanna ina raibh ar OPCW tosaíocht a thabhairt d'éigeandálaí a eascraíonn as timpeallacht atá ag teacht chun cinn agus as ábhair imní chasta slándála. Áirítear leis na héigeandálaí sin an t-athrú eisceachtúil gan choinne polaitiúil agus oibríochtúil Phoblacht Arabach na Siria in 2024, sainaithint agus doiciméadú na hÚcráine maidir le 11 000 úsáid ceimiceán tocsaineach ó thosaigh cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022 agus líomhaintí i dtaca le hairm cheimiceacha a úsáid de shárú ar an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Cheimiceacha i gCogadh Cathartha na Súdáine atá ar siúl faoi láthair.

(3) Leis an síneadh sin, bheadh OPCW in ann cuspóirí agus gníomhaíochtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1344 a thabhairt chun críche.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2023/1344 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (CBES) 2023/1344 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2023 chun tacú le héifeachtacht oibríochtúil na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) a fheabhsú (IO L 168, 3.07.2023, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1344/oj).


PUBLIC

*Airteagal 1*

In Airteagal 5(2) de Chinneadh (CBES) 2023/1344, cuirtear an téarma '41 mhí' in ionad an téarma '36 mhí'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC